



Suí iomlánach

A10-0031/2024

9.12.2024

***I

TUARASCÁIL

ar an togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle: RESTORE – Tacaíocht Éigeandála Réigiúnach don Atógáil lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/1058 agus Rialachán (AE) 2021/1057 (COM(2024)0496 – C10-0147/2024 – 2024/0275(COD))

An Coiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta

An Coiste um Fhorbairt Réigiúnach

Rapóirtéirí: Andrzej Buła, Younous Omarjee

(Nós imeachta simplithe – Rial 52(1) de na Rialacha Nós Imeachta)

Eochair do na siombailí a úsáidtear

- * An nós imeachta comhairliúcháin
- *** Nós imeachta an toilithe
- ***I An gnáthnós imeachta reachtach (an chéad léamh)
- ***II An gnáthnós imeachta reachtach (an dara léamh)
- ***III An gnáthnós imeachta reachtach (an tríú léamh)

(Braitheann an cineál nós imeachta ar an mbunús dlí a mholtar sa dréachtghníomh.)

Leasuithe ar dhréachtghníomh

Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa arna leagan amach in dhá cholún

Léirítear téacs atá scriosta le **cló trom iodálach** sa cholún ar chlé. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile le **cló trom iodálach** sa dá cholún. Léirítear téacs nua le **cló trom iodálach** sa cholún ar dheis.

Sa chéad agus sa dara líne den cheanntásc a ghabhann le gach leasú, sonraítear an chuid ábhartha den dréachtghníomh atá á breithniú. Má bhaineann leasú le gníomh atá cheana ann a bhfuil sé i gceist é a leasú le dréachtghníomh, bíonn an tríú líne i gceanntásc an leasaithe ina sonraítear an gníomh atá cheana ann agus bíonn an ceathrú líne ann ina sonraítear an fhoráil den ghníomh sin is mian le Parlaimint na hEorpa a leasú.

Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa i bhfoirm téacs comhdhlúite

Aibhsítear téacs nua le **cló trom iodálach**. Léirítear téacs atá scriosta trí leas a bhaint as an tsiombail **I** nó cuirtear líne tríd an téacs. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile tríd an téacs nua a aibhsíú le **cló trom iodálach** agus tríd an téacs atá á ionadú a scriosadh nó trí líne a chur tríd. Mar eisceacht air sin, ní aibhsítear athruithe atá go hiomlán teicniúil agus arb athruithe iad a rinne na ranna dréachtaithe nuair a bhí an téacs críochnaitheach á ullmhú.

CLÁR

Leathanach

DRÉACHTRÚN REACTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA	5
RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN	7
IARSCRÍBHINN: LIOSTA NA nEINTITEAS NÓ NA nDAOINE ÓNA bhFUAIR NA RAPÓIRTEIRÍ IONCHUR	8
MEASÚNÚ BUISÉADACH ÓN gCOISTE UM BUISÉID	9
AN NÓS IMEACHTA – COISTE FREAGRACH	18

DRÉACHTRÚN REACTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

**ar an togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle:
RESTORE – Tacaíocht Éigeandála Réigiúnach don Atógáil lena leasaítear Rialachán
(AE) 2021/1058 agus Rialachán (AE) 2021/1057
(COM(2024)0496 – C10-0147/2024 – 2024/0275(COD))**

(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)

Tá Parlaimint na hEorpa,

- ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2024)0496),
 - ag féachaint d’Airteagal 294(2), agus d’Airteagal 164, d’Airteagal 175(3) agus d’Airteagal 178 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a thíolaic an Coimisiún an togra do Pharlaimint na hEorpa (C10-0147/2024),
 - ag féachaint d’Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,
 - ag féachaint don mheasúnú buiséadach ag an gCoiste um Buiséid,
 - ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa an 21 Samhain 2024¹,
 - ag féachaint don tuairim ó Choiste Eorpach na Réigiún an 21 Samhain 2024²,
 - ag féachaint do Rialacha 60, 59 agus 58 dá Rialacha Nós Imeachta,
 - ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta agus ón gCoiste um Fhorbairt Réigiúnach (A10-0031/2024),
1. ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh, lena nglacann sí ceannas ar thogra an Choimisiúin;
 2. á iarraidh ar an gCoimisiún an t-ábhar a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa arís má dhéanann sé téacs eile a chur in ionad a thogra, má dhéanann sé a thogra a leasú go substaintiúil nó má tá sé ar intinn aige a thogra a leasú go substaintiúil;
 3. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

¹ Nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil.

² Nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil.

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN

An 22 Deireadh Fómhair 2024, cuireadh an togra RESTORE (Tacaíocht Éigeandála Réigiúnach don Atógáil, COM(2024)0496 - 2024/0275(COD)) faoi bhráid an Choiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta (EMPL) agus an Choiste um Fhorbairt Réigiúnach (REGI) le haghaidh nós imeachta comhpháirteach faoi Rial 59 de na Rialacha Nós Imeachta. Is freagairt é an togra seo ar na tuilte tubaisteacha a rinne difear do thíortha áirithe i Lár agus in Oirthear an Aontais agus ar na falscaithe a rinne scrios ar roinnt réigiún sa Phortaingéil i mí Mheán Fómhair 2024. Ag deireadh mhí Dheireadh Fómhair, cúpla lá tar éis fhoilsiú an togra, leis an mbáisteach thubaisteach in Oirthear na Spáinne nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe sin agus ina bhfuair líon mór daoine bás agus a raibh cailteanas ollmhóra ó thaobh ábhair de mar thoradh uirthi, leagadh béim ar an bpráinn a bhaineann le freagairt an Aontais ar thubaistí de dheasca na haeráide.

Ar an gcéad dul síos, ba mhaith leis na comhrapóirtéirí a ndlúthpháirtíocht is doimhne leis na saoránaigh agus leis na réigiúin atá buailte le déanaí ag na tubaistí nádúrtha tubaisteacha a tharla le déanaí a chur in iúl, a bhfuil cruatan agus cailteanas ollmhór fulaingthe acu. Ba mhaith leo freisin iarrachtaí na gcéad fhreagróirí, na n-eagraíochtaí daonnúla agus na n-údarás áitiúil a thugann fóirithint láithreach a mholadh. I bhfianaise na dtubaistí sin, tacaíonn na comhrapóirtéirí le gníomhaíocht dhícheallach uile Pharlaimint na hEorpa i leith na ndaoine agus na gríoch atá buailte. Is mian leo a chur i bhfios go láidir go bhfuil a seacht ndícheall déanta acu chun a áirithiú go mbainfear amach na bearta atá beartaithe, arb é is aidhm dóibh tacú leis na Ballstáit agus leis na réigiúin ina n-iarrachtaí atógála agus an cúnamh ábhartha bunúsach atá ag teastáil a chur ar fáil do shaoránaigh atá buailte, a luaithe is féidir.

Leagann na comhrapóirtéirí béim freisin ar a thábhachtaí atá sé prionsabal ‘atógáil chun feabhais’ a chur chun feidhme, rud ar cheart go mbeadh tógáil bonneagair inbhuanaithe agus athléimneach mar thoradh air a bheidh in ann aon tubaistí nádúrtha a d’fhéadfadh a bheith ann amach anseo a sheasamh ar bhealach níos fearr. Ní mór a bheith cúramach, áfach, ní mór do chur i bhfeidhm an phrionsabail sin a bheith curtha chun feidhme gan aon ualach breise riaracháin ná dlíthiúil a chur ar chríocha, ar shaoránaigh ná ar údarás áitiúla atá buailte ag tubaiste cheana féin, agus atá ag iarraidh áiteanna atá buailte a atógáil agus a athbhunú cheana féin.

Cuireann Parlaimint na hEorpa i bhfios go láidir freisin nach mór don bheartas Comhtháthaithe leanúint de bheith ina bheartas fadtéarmach, bunaithe ar na cuspóirí a leagtar amach in Airteagail 174 agus 175 CFAE. Is ábhar imní do Pharlaimint na hEorpa gur minic a úsáidtear beartas comhtháthaithe an Aontais, lena n-áirítear mar a fhoráiltear dó le CFRE, leis an gCiste Comhtháthaithe agus le Ciste Sóisialta na hEorpa+, mar uirlis phráinnfhreagartha, agus á chur i bhfios go láidir go bhfuil riosca ag baint leis an gcur chuige sin do chuspóirí beartais agus infheistíochta fadtéarmacha an bheartais chomhtháthaithe.

**IARSCRÍBHINN: LIOSTA NA nEINTITEAS NÓ NA nDAOINE ÓNA bhFUAIR NA
RAPÓIRTÉIRÍ IONCHUR**

**ENTITIES OR PERSONS
FROM WHOM ANDRZEJ BUŁA (RAPPORTEUR) HAS RECEIVED INPUT**

The rapporteur declares under his exclusive responsibility that he did not receive input from any entity or person to be mentioned in this Annex pursuant to Article 8 of Annex I to the Rules of Procedure.

**ENTITIES OR PERSONS
FROM WHOM YOUNOUS OMARJEE (RAPPORTEUR) HAS RECEIVED INPUT**

Pursuant to Article 8 of Annex I to the Rules of Procedure, the rapporteur declares that he has received input from the following entities or persons in the preparation of the report, prior to the adoption thereof in committee:

Entity and/or person
Permanent Representation of Hungary to the EU
Permanent Representation of Portugal to the EU
Ministry of European Affairs of France
European Commission, DG REGIO

The list above is drawn up under the exclusive responsibility of the rapporteur.

Where natural persons are identified in the list by their name, by their function or by both, the rapporteur declares that he has submitted to the concerned natural persons the European Parliament's Data Protection Notice No 484 (<https://www.europarl.europa.eu/data-protect/index.do>), which sets out the conditions applicable to the processing of their personal data and the rights linked to that processing.

MEASÚNÚ BUISÉADACH ÓN gCOISTE UM BUISÉID

Parlaimint na hEorpa

2024-2029



An Coiste um Buiséid

2024/0275(COD)

22.11.2024

MEASÚNÚ BUISÉADACH

ón gCoiste um Buiséid

chuíg an gCoiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta agus chuíg an gCoiste um Fhorbairt Réigiúnach

ar an togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle: RESTORE - Tacaíocht Éigeandála Réigiúnach don Atógáil lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/1058 agus Rialachán (AE) 2021/1057 (COM(2024)0496 – C10-0147/2024 – 2024/0275(COD))

Rapóirtéir don mheasúnú buiséadach: Sandra Gómez López

PA_LegEvaluation

MEASÚNÚ BUISÉADACH

chuig an gCoiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta agus chuig an gCoiste um Fhorbairt Réigiúnach ar an togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle: **RESTORE - Tacaíocht Éigeandála Réigiúnach don Atógáil lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/1058 agus Rialachán (AE) 2021/1057** (COM(2024)0496 – C10-0147/2024 – 2024/0275(COD))

Tá meastóireacht ar an togra déanta ag an gCoiste um Buiséid, de bhun Riail 58, inar thángthas ar an tátal seo a leanas:

- ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2024 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme i leith bhuiséad ginearálta an Aontais¹,
 - ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 ón gComhairle an 17 Nollaig 2020 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2021 go 2027² (Rialachán CAI),
 - ag féachaint do Chomhaontú Idirinstitiúideach an 16 Nollaig 2020 idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir le smacht buiséadach, maidir le comhar in ábhair bhuiséadacha agus maidir le bainistíocht fhóna airgeadais, agus maidir le hacmhainní dílse nua, lena n-áirítear treochlár i dtreo acmhainní dílse nua a thabhairt isteach³ (IIA),
 - ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 2012/2002 ón gComhairle an 11 Samhain 2002 lena mbunaítear Ciste Dlúthpháirtíochta an Aontais Eorpaigh⁴,
 - ag féachaint do rún ó Pharlaimint na hEorpa an 8 Deireadh Fómhair 2024 maidir leis an togra le haghaidh Cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Ciste Dlúthpháirtíochta an Aontais Eorpaigh a shlógadh chun cúnaimh a thabhairt don Iodáil, don tSlóivéin, don Ostair, don Ghréig agus don Fhrainc i ndáil le sé thubaiste nádúrtha a tharla in 2023⁵,
- A. de bhrí nach ndéantar na gealltanais bhuiséadacha atá cheana ann a mhodhnú sa togra agus go bhfuil sé fós laistigh de theorainneacha na leithdháiltí foriomlána don tréimhse 2021-2027 agus go bhfuil sé, dá bhrí sin, neodrach ó thaobh an bhuiséid de;
- B. de bhrí, mar thoradh ar an éifeacht chomhcheangailte réamh-mhaoiniúcháin 30 %, an cómhaoiniú 100 % agus an incháilitheacht i gcás oibríochtaí atá tugtha chun críche go fisiciúil nó curtha chun feidhme go hiomlán amhail ón 1 Eanáir 2024 faoi Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE) agus faoi Chiste Sóisialta na hEorpa Plus

¹IO L, 2024/2509, 26.9.2024, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2509/oj>.

²IO L 433 I, 22.12.2020, Ich. 11, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2020/2093/oj>.

³IO L 433 I, 22.12.2020, Ich. 28, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_interinst/2020/1222/oj.

⁴IO L 311, 14.11.2002, Ich.3 ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2002/2012/oj>.

⁵Téacsanna arna nglacadh, P10_TA(2024)0015.

(CSE+), agus an uasteorainn le haghaidh ath-chlárscidealú 10 % de leithdháileadh iomlán 2021-2027 á cur san áireamh, go ndéantar tús-ualú páirteach ar leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí, agus íocaíochtaí níos ísle ina dhiaidh sin ag céim níos déanaí:

			Bliain	Bliain	Bliain	Bliain	CAI
			2024	2025	2026	2027	IOMLÁN
							2021-2027
IOMLÁN na leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí	Gealltanais	(4)	0.000	0.000	0.000	0.000	0.000
	Íocaíochtaí	(5)	0.000	3 000.000	4 003.600	-7 003.600	0.000
IOMLÁN na leithreasuithe de chineál riaracháin arna maoiniú as imchlúdach na gclár sonrath		(6)	0.000	0.000	0.000	0.000	0.000
IOMLÁN na leithreasuithe faoi CHEANNTÉIDEAL 2a den chreat airgeadais ilbhliantúil	Gealltanais	=4+6	0.000	0.000	0.000	0.000	0.000
	Íocaíochtaí	=5+6	0.000	3 000.000	4 003.600	-7 003.600	0.000

- C. de bhrí nach bhfuil impleachtaí buiséadacha an togra curtha i gcuntas sa dréachtbhuiséad do 2025;
- D. de bhrí go n-áirítear sa litir leasaitheach a ghabhann le buiséad 2025 méadú EUR 3 000 milliún ar leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí i ndáil le tubaistí nádúrtha do CFRE;
1. á mheabhrú go bhfuil sé iarrtha go mion minic ag Parlaimint na hEorpa go mbeadh níos mó acmhainní ann do Chiste Dlúthpháirtíochta an Aontais Eorpaigh (CDAE), i bhfianaise líon agus déine na dtubaistí nádúrtha atá ag dul i méid, go háirithe tubaistí a bhaineann leis an athrú aeráide agus i bhfianaise an ghá atá le dlús a chur le nósanna imeachta ionas go sroichfidh an tacaíocht sin na Ballstáit agus na réigiúin atá buailte ag tubaistí nádúrtha níos tapúla; ag tabhairt dá haire go gcuirtear cúnaimh breise agus tuilleadh solúbthachta ar fáil leis an togra RESTORE do na Ballstáit a ndéanann tubaistí nádúrtha difear dóibh dá gcláir beartais chomhtháthaithe 2021-2027 chun freagairt ar na tubaistí sin; á chur in iúl gur oth léi go bhfuil an beartas comhtháthaithe á úsáid arís mar uirlis phráinnfhreagartha agus á áitiú go bhfuil an baol ann go mbainfidh an cur chuige sin an bonn óna chuspóirí beartais agus infheistíochta níos fadtéarmaí agus gur comhartha é d'easpa solúbthachta agus acmhainneacht freagartha ar ghéarchéimeanna i mbuiséad an Aontais; á aithint go gcuirtear bealach chun cinn pragmatach ar fáil leis an togra seo chun déileáil le solúbthacht bhuiséadach neamhleor agus le hacmhainneacht freagartha ar ghéarchéimeanna i mbuiséad an Aontais, ar mhaithe le freagairt mhear a thabhairt ar riachtanais na bpobal a ndéantar difear dóibh; á chur i bhfáth go bhfuil gá le tuilleadh solúbthachtaí sa chreat rialála lena gcumhdaítear Rialachán na bhForálacha Coiteanna (RFC), CFRE, an Ciste Comhtháthaithe (CC) agus CSE+ chun a chur ar chumas na mBallstát cabhrú leis na réigiúin atá buailte ar bhealach níos éifeachtaí;

2. ag tabhairt dá haire nach bhfuil an Coimisiún ag dréim le haon impleachtaí don bhuiséad do 2024;
3. ag tabhairt dá haire thairis sin, do 2025, go molann an Coimisiún leithreasuithe breise faoi chomhair íocaíochtaí do CFRE arb ionann iad agus EUR 3 000 milliún san iomlán tríd an litir leasaitheach (AL); ag tagairt do na riachtanais íocaíochta mheasta in 2025 arb ionann iad agus méid tosaigh de EUR 3 000 milliún sa togra RESTORE, a bhfuil EUR 2 070 milliún de sin ceaptha le haghaidh CFRE agus EUR 930 milliún le haghaidh CSE+; á chur in iúl gur oth léi an neamhréireacht sna figiúirí idir an AL agus an Ráiteas Airgeadais Reachtach agus ag tathant ar an gCoimisiún faisnéis agus ceartú comhsheasmhach a chur ar fáil, i gcás inar gá; ag tabhairt dá haire freisin nach gcuirtear san áireamh in íocaíochtaí in 2025 a bhaineann leis an togra seo nach bhfuil meastacháin ag an gCoimisiún, ag an gcéim seo, ar úsáid tosaigh na mBallstát ná ar mhéideanna na riachtanas foriomlán a d'fhéadfadh a bheith ann, lena n-áirítear maidir le réamh-mhaoiniú;

ag dréim leis go gcuirfidh an Coimisiún san áireamh ina dhréachtbhuiséad do 2026 na riachtanais íocaíochta nuashonraithe do CFRE agus do CSE+ tar éis ath-chlársceidealú iarbhír na mBallstát agus go gcoinneoidh sé Parlaimint na hEorpa ar an eolas go tráthúil faoin fhorbairt ar ghlacadh RESTORE sna Ballstáit; á iarraidh ar an gCoimisiún cúnamh a thabhairt do na Ballstáit na hacmhainní atá ar fáil faoi CFRE agus CSE+ a athchlárú agus measúnú mear a dhéanamh ar chláir mhodhnaithe trí nósanna imeachta simplithe chun na riachtanais is práinní sna Ballstáit a ndéantar difear dóibh a chumhdach;
5. á iarraidh ar an gCoimisiún faisnéis inrianaithe a sholáthar i bhfoirm tuarascálacha tráthúla, lena n-áirítear faisnéis maidir le haistrithe dá dtagraítear in Airteagal 26 de Rialachán (AE) 2021/1060 do CFRE agus do CSE+ agus maidir le réamhaisnéisí íocaíochta do chláir beartais chomhtháthaithe 2021-2027 chun go mbeidh tionchar RESTORE inaitheanta go soiléir don údarás buiséadach;
6. ag tabhairt dá haire go raibh leibhéal RAL (*reste à liquider*) i gcás Cheannteideal 2a fós ard ag deireadh 2023, le méid arb ionann é EUR 154 864 mhilliún; á mheabhrú gur féidir an méid atá coibhéseach le saoradh ar RAL a rinneadh ó 2021 i leith a chur ar fáil go carnach d'Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh (EURI); á iarraidh ar an gCoimisiún tuilleadh anailíse a chur ar fáil ar thionchar RESTORE ar EURI;
7. ag tabhairt dá haire go raibh íocaíochtaí le cláir beartais chomhtháthaithe 2021-2027 ar leibhéal an-íseal sna chéad bhlianta den chur chun feidhme as ar eascair méadú ar riachtanais íocaíochta sna blianta ina dhiaidh sin; á mheabhrú nach bhfuil an timthriall íocaíochta iarbhír sin i gcomhthráth leis an bpróifíl íocaíochta níos líní a leagtar amach i Rialachán CAI agus go bhfuil an baol ann go sárófar uasteorainneacha íocaíochta sna blianta ina dhiaidh sin mar thoradh ar an staid sin; á mheas go bhféadfadh tús-ualú na n-íocaíochtaí i dtreo 2025 agus 2026 an brú ar íocaíochtaí a mhaolú; á iarraidh ar an gCoimisiún dlúthfhaireachán a dhéanamh ar éabhlóid na n-íocaíochtaí agus faisnéis thráthúil a chur ar fáil do Pharlaimint na hEorpa ina leith sin agus aon ghníomhaíocht feabhais is gá a mholadh don údarás buiséadach, más gá;
8. ag tabhairt dá haire, dar leis an gCoimisiún, go meastar nach n-athraíonn tacaíocht faoi

RESTORE rannchuidiú CFRE agus CSE+ le spriocanna aeráide mar a leagtar amach i bpointe 16 de IIA; á chur i bhfios go láidir, áfach, go bhféadfadh sé go n-aistreofaí acmhainní ó idirghabhálacha a bhfuil comhéifeacht níos airde acu chun go ríomhfar tacaíocht do chuspóirí an athraithe aeráide go dtí na hidirghabhálacha sin a bhfuil comhéifeachtaí iarbhir níos ísle acu, mar thoradh ar ath-chlársceidealú agus cuimsiú beart deisiúcháin agus atógála, go háirithe le tacaíocht CFRE, rud a d'fhéadfadh laghdú a dhéanamh ar an gcaiteachas a thacaíonn le cuspóirí aeráide; á chur in iúl gur oth léi nach bhfuil measúnú tionchair déanta ag an gCoimisiún ar an togra maidir leis an gceanglas le haghaidh caiteachas aeráide nó aicmiú caiteachais a bhaineann leis an aeráid; á chur in iúl gur geal léi an gealltanais maidir le hatógáil ar bhealach níos fearr mar an bealach is fearr chun éifeachtacht an chaiteachais a áirithiú agus chun cloí le cuspóirí aeráide AE;

9. á chur in iúl gur eagal léi go bhféadfadh an dlús atá curtha ar mhinicíocht agus déine na dtubaistí nádúrtha agus go bhféadfadh sainmhíniú leathan ar 'thubaiste nádúrtha' a bheith ina chúis le leasuithe ar chláir atá níos mó ná mar a mheastar, rud a d'fhéadfadh a bheith ina chúis le riachtanais íocaíochta níos airde ná mar a measadh agus nár cuireadh san áireamh go fóill sna blianta atá le teacht;
10. á thabhairt chun suntais a thábhachtaí atá sé maoiniú dúbailte a chosc agus á iarraidh ar na Ballstáit agus ar an gCoimisiún a áirithiú go mbeidh tacaíocht faoi RESTORE sa bhreis ar thacaíocht faoi chláir an Aontais, lena n-áirítear CDAE;
11. á rá mar fhocal scoir go bhfuil an togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle: RESTORE - Tacaíocht Éigeandála Réigiúnach don Atógáil lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/1058 agus Rialachán (AE) 2021/1057 comhoiriúnach leis na gnéithe dá dtagraítear i Riail 58 de na Rialacha Nós Imeachta.

IARSCRÍBHINN: NA hEINTITIS NÓ NA DAOINE ÓNA bhFUAIR AN RAPÓIRTÉIR DON MHEASÚNÚ BUISÉADACH IONCHUR

Dearbhaíonn an Rapóirtéir don mheasúnú buiséadach faoina freagracht eisiach nach bhfuair sí ionchur ó aon eintiteas ná ó aon duine atá le lua san Iarscríbhinn seo de bhun Airteagal 8 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis na Rialacha Nós Imeachta.

NÓS IMEACHTA - COISTE AR IARRADH MEASÚNÚ BUISÉADACH AIR

Teideal	RESTORE – Tacaíocht Éigeandála Réigiúnach don Atógáil lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/1058 agus Rialachán (AE) 2021/1057
Tagairtí	COM(2024)0496 – C10-0147/2024 – 2024/0275(COD)
An coiste freagrach/na coistí freagracha	EMPL REGI
Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach	BUDG 13.11.2024
Rapóirtéir don mheasúnú buiséadach Dáta an cheapacháin	Sandra Gómez López 12.11.2024
Riail 59 - Nós imeachta comhchoiste Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach	13.11.2024
Pléite sa choiste	21.11.2024
Dáta an ghlactha	21.11.2024
Toradh na vótála críochnaithí	+: 29 -: 2 0: 0
Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach	Georgios Aftias, Isabel Benjumea Benjumea, Tomasz Buczek, Tamás Deutsch, Angéline Furet, Thomas Geisel, Jean-Marc Germain, Sandra Gómez López, Fabienne Keller, Janusz Lewandowski, Giuseppe Lupo, Ignazio Roberto Marino, Fernando Navarrete Rojas, Matjaž Nemeč, Danuše Nerudová, Ruggero Razza, Bogdan Rzońca, Hélder Sousa Silva, Nicolae Ștefănuță, Joachim Streit, Carla Tavares, Nils Ušakovs, Auke Zijlstra
Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach	Moritz Körner, Tiago Moreira de Sá
Feisirí faoi Riail 216(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach	Christophe Bay, Udo Bullmann, Andrzej Buła, Gheorghe Falcă, Ștefan Mușoiu, Jan-Christoph Oetjen

**VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAOCH ROLLA
SA CHOISTE AR IARRADH MEASÚNÚ BUISÉADACH AIR**

29	+
ECR	Ruggero Razza, Bogdan Rzońca
PPE	Georgios Aftias, Isabel Benjumea Benjumea, Andrzej Buła, Gheorghe Falcă, Janusz Lewandowski, Fernando Navarrete Rojas, Danuše Nerudová, Hélder Sousa Silva
PfE	Christophe Bay, Tomasz Buczek, Tamás Deutsch, Angéline Furet, Tiago Moreira de Sá
Renew	Fabienne Keller, Moritz Körner, Jan-Christoph Oetjen, Joachim Streit
S&D	Udo Bullmann, Jean-Marc Germain, Sandra Gómez López, Giuseppe Lupo, Ștefan Mușoiu, Matjaž Nemeč, Carla Tavares, Nils Ušakovs
Verts/ALE	Ignazio Roberto Marino, Nicolae Ștefănuță

2	-
NI	Thomas Geisel
PfE	Auke Zijlstra

0	0

Eochair do na siombailí a úsáidtear:

+ : i bhfabhar

- : i gcoinne

0 : staonadh

AN NÓS IMEACHTA – COISTE FREAGRACH

Teideal	RESTORE – Tacaíocht Éigeandála Réigiúnach don Atógáil lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/1058 agus Rialachán (AE) 2021/1057	
Tagairtí	COM(2024)0496 – C10-0147/2024 – 2024/0275(COD)	
Dáta tíolactha chun PE	21.10.2024	
An coiste freagrach/na coistí freagracha	EMPL	REGI
Rapóirtéirí Dáta an cheapacháin	Andrzej Buła 15.11.2024	Younous Omarjee 15.11.2024
Riail 59 - Nós imeachta comhchoiste Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach	13.11.2024	
Nós imeachta simplithe - dáta an chinnidh	25.11.2024	
Pléite sa choiste	25.11.2024	
Dáta an ghlactha	25.11.2024	
	BUDG 21.11.2024	
Dáta don chur síos	10.12.2024	